



AN COIMISIÚN EORPACH

Is é an Coimisiún an institiúid AE a bhfuil monaplacht aige ar reachtaíocht a thionscnamh agus ar chumhachtaí tábhachtacha feidhmiúcháin i mbeartais amhail iomaíocht agus trádáil sheachtrach. Is é príomhchomhlacht feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh é agus is í an fhoirm atá aige ná Coláiste comhaltaí atá comhdhéanta de Choimisinéir amháin in aghaidh an Bhallstáit. Déanann an Coimisiún maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna Ballstáit agus na Conarthaí á n-urramú acu; déanann sé cathaoirleacht chomh maith ar na coistí atá freagrach as cur chun feidhme dhlí AE. Tá ionstraimí dlíthiúla nua tagtha in ionad an chórais coisteolaíochta mar a bhí, is iad sin gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), Airteagail 234, 244 go 250, 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus an [Conradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha](#) (Conradh Cumaisc)^[1].

STAIR

Bhí a chomhlacht feidhmiúcháin féin ag gach Comhphobal ag an tús: an tArd-Údarás don Chomhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (1951) agus Coimisiún don dá chomhphobal arna mbunú ag Conradh na Róimhe in 1957, CEE agus Euratom. Cumascadh le chéile iad agus rinneadh Coimisiún Eorpach aonair astu an 8 Aibreán 1965 leis an gConradh Cumaisc ([1.1.2](#)).

COMHDHÉANAMH AGUS STÁDAS DLÍ

A. Líon na gcomhaltaí

Ar feadh tréimhse fada, chaithfeadh líon na gCoimisinéirí in aghaidh an Bhallstáit gan a bheith níos lú ná duine amháin agus gan a bheith níos mó ná beirt. Leagadh síos i gConradh Liospóin ag an tús go mbeadh ballraíocht an Choimisiúin, ón 1 Samhain 2014, coibhéiseach le dhá thrian de líon na mBallstát. Ag an am céanna, thug sé isteach roinnt solúbthachta sa mhéid is gur cheadaigh sé don Chomhairle Eorpach líon na gCoimisinéirí a chinneadh (Airteagal 17(5) CAE). Rinne an Chomhairle Eorpach an cinneadh in 2009 go leanfadh comhdhéanamh an Choimisiúin le líon comhaltaí atá cothrom le líon na mBallstát.

[1] IO P 152, 13.7.1967, lch. 2.



B. An modh ceapacháin

Sonraítear le Conradh Liospóin nach mór torthaí na dtoghchán Eorpach a chur san áireamh nuair a mholann an Chomhairle Eorpach, tar éis comhairliúchán iomchuí (arna leagan amach i nDearbhú 11 maidir le hAirteagal 17(6) agus (7) de CAE, atá i gceangal leis an gConradh) agus í ag gníomhú trí thromlach cáilithe, iarrthóir d'Uachtarán an Choimisiúin don Pharlaimint. Déanann an Pharlaimint an t-iarrthóir seo a thoghadh le tromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í (Airteagal 17(7) CAE).

Glacann Comhairle an Aontais Eorpaigh ('an Chomhairle' ina dhiaidh seo), agus í ag gníomhú trí thromlach cáilithe de chomhthoil leis an Uachtarán toghaí, liosta na ndaoine eile atá á moladh aici le haghaidh a gceapachán mar chomhaltaí den Choimisiún, ar bhunús na moltaí atá déanta ag na Ballstáit.

Tá an tUachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiúin, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, faoi réir vóta toilithe, mar chomhlacht, ag an bParlaimint agus ceapann an Chomhairle Eorpach ansin iad, agus í ag gníomhú trí thromlach cáilithe.

Tá téarma oifige Coimisinéara mar a chéile le téarma cúig bliana Pharlaimint na hEorpa ó Chonradh Maastricht i leith agus tá sé in-athnuaite.

C. Cuntasacht

1. Cuntasacht phearsanta (Airteagal 245 CFAE)

Éilítear ar chomhaltaí an Choimisiúin:

- A bheith go hiomlán neamhspleách agus iad ag comhlíonadh a ndualgas, ar mhaithe le leas ginearálta an Aontais; ní ceadmhach dóibh, go háirithe, teagasc a lorg ná a ghlacadh ó aon rialtas nó aon chomhlacht seachtrach eile;
- Gan gabháil le haon ghairm eile, bíodh sé sochrach nó ná bíodh.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais Coimisinéirí a scor go héigeantach, má iarrann an Chomhairle nó an Coimisiún féin sin, má sháraíonn siad aon cheann de na dualgais thuasluaite nó má tá siad ciontach i mí-iompar tromchúiseach (Airteagal 247 CFAE).

2. Cuntasacht chomhchoiteann

Tá an Coimisiún cuntasach mar aonad don Pharlaimint de réir Airteagal 234 CFAE. Má ghlacann an Pharlaimint le tairiscint cáinte i gcoinne an Choimisiúin, éileofar ar gach duine dá chomhaltaí éirí as, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála san áireamh, sa mhéid go mbaineann sé lena chuid nó lena cuid dualgas sa Choimisiún.

EAGAR AGUS FEIDHMIÚ

Oibríonn an Coimisiún faoi threoir pholaitiúil a Uachtaráin, arb é a chinneann a eagar inmheánach. Leithdháileann an tUachtarán na hearnálacha gníomhaíochta ar na comhaltaí. Tugann sé sin freagracht do gach Coimisinéir as earnáil beartais shonrach agus údarás ar na rannóga riaracháin lena mbaineann. Tar éis dó formheas an Choláiste a fháil, ceapann an tUachtarán na Leas-Uachtaráin as measc chomhaltaí an Choláiste féin. Ceaptar an tArd-Ionadaí go huathoibríoch mar Leas-Uachtarán den



Choimisiún. Ní mór do chomhalta den Choimisiún éirí as má iarrann an tUachtarán air nó uirthi déanamh amhlaidh, faoi réir ag formheas an Choláiste.

Tá Ardrúnaíocht ag an gCoimisiún ina bhfuil 31 roinn beartais (Ard-Stiúrthóireachtaí), a dhéanann beartas, dlí agus cistiú AE a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur chun feidhme. Sa bhreis air sin, tá 22 roinn speisialta (seirbhísí) ann, a dhéileáilann le ceisteanna *ad-hoc* nó cothrománacha. Ina measc tá an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, an tSeirbhís Dlí, an Chartlann Stairiúil, Oifig na bhFoilseachán, an Lárionad Eorpach um Straitéis Pholaitiúil agus an Tascfhórsa um chaibidlíocht Airteagal 50 leis an Ríocht Aontaithe. Tá sé ghníomhaireacht feidhmiúcháin ann freisin, amhail an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde, a dhéanann cúraimí a tharmligeann an Coimisiún chucu ach a bhfuil a bpearsantacht dhlítheanach féin acu. Gníomhaíonn an Coimisiún trí thromlach dá chomhaltaí, ach amháin i gcás roinnt eisceachtaí (Airteagal 250 CFAE).

Buaileann an Coimisiún le chéile gach seachtain chun saincheisteanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a phlé agus chun na tograí a ghlacadh nach mór a chomhaontú le nós imeachta ó bhéal agus glactar ábhair nach bhfuil chomh híogair céanna le nós imeachta i scríbhinn. Is féidir bearta a bhaineann le bainistíocht nó riarachán a ghlacadh trí chóras cumhachtaithe, trína dtugann an Coláiste údarás do dhuine dá chuid comhaltaí cinntí a dhéanamh thar a cheann (rud atá ábhartha go háirithe i réimsí ar nós cabhair talmhaíochta nó bearta frithdhumpála), nó trí fhotharmligeann, i gcás ina dtarmligtear cinntí chuig leibhéal riaracháin, chuig Ard-Stiúrthóirí de ghnáth.

CUMHACHTAÍ

A. Cumhacht tionscnaimh

Mar riail, tá monaplacht ag an gCoimisiún ar an tionscnamh i dtaobh reachtóireacht AE (Airteagal 17(2) CAE). Tarraingíonn sé suas gníomhartha beartaithe atá le glacadh ag an dá institiúid chinnteoireachta, an Pharlaimint agus an Chomhairle.

1. Lán-tionscnamh: an chumhacht togra a dhéanamh

a. Tionscnamh reachtach

Is é an chumhacht togra a dhéanamh an leagan iomlán den chumhacht tionscnaimh, mar go mbíonn sé eisiach i gcónaí agus go gcuireann sé srian ar an údarás cinnteoireachta sa mhéid is nach bhféadfaidh sé cinneadh a dhéanamh mura bhfuil togra ann agus go gcaithfidh sé a chinneadh a bhunú ar an togra mar a chuirtear i láthair é.

Déanann an Coimisiún aon togra reachtúil (i gcás rialachán nó treoracha) is gá chun na conarthaí a chur chun feidhme a tharraingt suas agus a thíolacadh don Chomhairle agus don Pharlaimint ([1.2.3](#)).

b. Tionscnamh buiséadach

Déanann an Coimisiún an dréachtbhuiséad a tharraingt suas agus cuireann sé faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte é faoi Airteagal 314 CFAE ([1.2.5](#)).



c. Caidreamh le tíortha nach ballstáit iad

Sa chás go bhfuil sainordú tugtha ag an gComhairle, tá an Coimisiún freagrach as comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidlíú faoi Airteagail 207 agus Airteagal 218 CFAE, a chuirtear faoi bhráid na Comhairle ansin iad d'fhonn iad a thabhairt chun críche. Áirítear leis sin caibidlíochtaí le haghaidh aontachas leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (Airteagal 6(2) CAE). Maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála, is é an tArd-Ionadaí a dhéanann caibidlíocht ar chomhaontuithe. Faoi Airteagal 50 CAE agus Airteagal 218(3) CFAE tíolacann an Coimisiún moltaí freisin faoi oscailt na gcaibidlíochtaí maidir leis an tarraingt siar ó AE.

2. Tionscnamh teoranta: an chumhacht moladh a dhéanamh nó tuairim a thabhairt

a. I gcomhthéacs an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ([2.6.2](#))

Tá ról ag an gCoimisiún maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) a bhainistiú. Cuireann sé faoi bhráid na Comhairle:

- Moltaí maidir le dréacht-treoirlínte leathana do bheartais eacnamaíocha na mBallstát, agus foláirimh má tá an chosúlacht air nach mbeidh na beartais comhoiriúnach leis na treoirlínte (Airteagal 121(4) CFAE);
- Tograí measúnaithe chun gur féidir leis an gComhairle a chinneadh an bhfuil easnamh iomarcach ag Ballstát (Airteagal 126(6) CFAE);
- Moltaí maidir leis na bearta atá le tabhairt fúthu má tá deacrachtaí ag Ballstát nach bhfuil sa limistéar euro maidir lena chomhardú íocaíochtaí, mar a dhéantar foráil dó in Airteagal 143 CFAE;
- Moltaí maidir leis an ráta malairte idir an t-airgeadra aonair agus airgeadraí eile agus do threoshuíomhanna ginearálta maidir le beartas ráta malairte, mar a dhéantar foráil dó Airteagal 219 CFAE;
- Measúnú ar phleananna náisiúnta beartais agus dréachtmholtaí tírshonracha a thagann faoin Seimeastar Eorpach.

b. Faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála

Tá go leor iniúlachtaí aistrithe sa réimse seo ón gCoimisiún go dtí Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus go dtí an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS). Féadfaidh an Coimisiún, áfach, tacú leis an Ard-Ionadaí agus é ag cur aon chinneadh faoi bhráid na Comhairle i ndáil leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (Airteagal 30 CAE). Is Leas-Uachtarán den Choimisiún é nó í an tArd-Ionadaí chomh maith.

B. An chumhacht faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme dhlí an Aontais

Tá de cheangal ar an gCoimisiún faoi na Conarthaí a chinntiú go gcuirfeadh i bhfeidhm go cuí na Conarthaí iad féin, mar aon le haon chinneadh a ghlactar chun iad a chur chun feidhme (reachtaíocht thánaisteach). Is ann atá a ról mar chaomhnóir na gConarthaí. Feidhmítear an ról sin go príomha tríd an nós imeachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le Ballstáit sa chás nár chomhlíon siad oibleagáid faoi na Conarthaí, mar a leagtar amach in Airteagal 258 CFAE.



C. Cumhachtaí cur chun feidhme

1. Arna dtabhairt ag na Conarthaí

Is iad seo a leanas na príomhchumhachtaí atá dílsithe don Choimisiún: an buiséad a chur chun feidhme (Airteagal 317 CFAE); na Ballstáit a údarú na bearta cosanta atá leagtha síos sna Conarthaí a dhéanamh, i rith tréimhsí eatramhacha go háirithe (e.g. Airteagal 201 CFAE); agus rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú, go háirithe trí Státchabhair a choinneáil faoi athbhreithniú, de réir Airteagal 108 CFAE.

Sna pacáistí tarrthála airgeadais a dhéileáil leis na géarchéimeanna fiachais a bhí ag roinnt Ballstát, tá an Coimisiún freagrach as bainistiú na gcistí a cruinníodh agus a ráthaíodh le buiséad AE. Tá an chumhacht aige chomh maith an nós imeachta vótála sa Sásra Cobhsaíochta Eorpach a athrú, rud a chuireann ar chumas an Bhoird Gobharnóirí, in áit gníomhú d'aon toil, gníomhú trí thromlach cáilithe speisialta (85%), má dhéanann sé an cinneadh (i gcomhaontú leis an mBanc Ceannais Eorpach) go mbeadh inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus airgeadais an limistéir euro i mbaol mura nglacfaí cinneadh maidir le cabhair airgeadais a thabhairt (Airteagal 4(4) den Chonradh lena mBunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach) (2.6.8).

2. Arna dtarligeán ag an bParlaimint agus ag an gComhairle

I gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE, feidhmíonn an Coimisiún na cumhachtaí a thugtar dó chun críche cur chun feidhme na ngníomhartha reachtacha arna leagan síos ag an bParlaimint agus ag an gComhairle.

Le Conradh Liospóin tugadh isteach foráil nua arb é sin 'na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún' (Airteagal 291(3) CFAE agus Rialachán (AE) Uimh 182/2011). Tagann dhá shocrú nua in ionad na sásraí coiste a bhí ann roimhe sin, an nós imeachta comhairleach agus an nós imeachta scrúdúcháin. Áirítear go foirmiúil an ceart grinnscrúdaithe arna deonú don Pharlaimint agus don Chomhairle, mar aon le foráil do nós imeachta achomhairc i gcás coimhlinte.

3. Gníomhartha tarmligthe

Tugadh isteach catagóir nua gníomhartha le Conradh Liospóin chomh maith, a rangáítear idir gníomhartha reachtacha agus gníomhartha cur chun feidhme. Is 'gníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta leo agus a fhorlíonann nó a leasaíonn gnéithe neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach' (a dtugtar an 'gníomh bunúsach' air chomh maith) iad na 'gníomhartha neamhreachtacha tarmligthe' sin (Airteagal 290 CFAE). Tá na cearta céanna formhaoirseachta, i bprionsabal, ag an bParlaimint is atá ag an gComhairle.

D. Cumhachtaí rialála agus comhairleacha

Is annamh a thugann na Conarthaí lánchumhachtaí rialála don Choimisiún. Eisceacht amháin ar an riail sin is ea Airteagal 106 CFAE, a thugann de chumhacht don Choimisiún forfheidhmiú a dhéanamh ar rialacha Aontais maidir le gnóthais phoiblí agus gnóthais arb é a gcúram seirbhísí a oibriú ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne agus, i gcás inar gá, teoracha nó cinní iomchuí a dhíriú chuig na Ballstáit.



Tugann na Conarthaí an chumhacht don Choimisiún moltaí a dhéanamh nó tuarascálacha agus tuairimí a sheachadadh in go leor cásanna. Déantar foráil leo chomh maith go rachfaí i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le cinntí áirithe, amhail aontachas Ballstát nua leis an Aontas (Airteagal 49 CAE). Téitear i gcomhairle leis an gCoimisiún chomh maith maidir le hathruithe i reachtanna institiúidí agus comhlachtaí eile go háirithe, amhail Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, Reacht an Ombudsman Eorpaigh agus Reacht na Cúirte Breithiúnais.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Is é an Coimisiún príomh-chomhchainteoir na Parlaiminte maidir le hábhair reachtúla agus bhuiséadacha. Tá grinnscrúdú parlaiminteach ar chlár oibre an Choimisiúin, agus ar a fhorghníomhú, ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile i dtaca le dlisteanacht dhaonlathach níos fearr a chinntiú i rialachas AE.

Giorgio Mussa
05/2019

